Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Eanáir 2023
(OR. en)

5038/23

ECOFIN 8
UEM 7
SOC 2
EMPL 1

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh<br>– Dréachtchonclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí ón gComhairle i ndáil le Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, mar a d'ullmhaigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais an 10-11 Eanáir 2023 iad.

## TUARASCÁIL 2023 MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH

– Dréachthonclúidí ó Chomhairle Ecofin –

Déanann an Chomhairle (Ecofin) an méid seo a leanas:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur lean geilleagar an Aontais dá théarnamh iarphaindéime in 2021 agus in 2022 a bhuí le gníomhaíocht mhear beartais ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal an limistéir euro, agus in ainneoin an tionchair eacnamaíoch a bhí ag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, gur seachnaíodh na cásanna is díobhálaí. Mar sin féin, tá tosaíocht á tabhairt don bhrú ó phraghsanna arda fuinnimh, creimeadh chumhacht ceannaigh na dteaghlach, timpeallacht sheachtrach níos laige agus coinníollacha maoiniúcháin níos doichte, agus tá moilliú ag teacht ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus sinn ag tarraingt ar 2023. ADHMHAÍONN SÍ go bhfuil an margadh saothair athléimneach i gcónaí. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an éiginnteacht fós ard, go háirithe i ndáil leis an ngéarchéim fuinnimh atá ann go fóill. CUIREANN SÍ I dTREIS go ndéantar na leochaileachtaí agus na rioscaí a bhaineann le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a mhéadú leis na dálaí eacnamaíocha atá ag dul in olcas, míchothromaíochtaí nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn san áireamh.

2. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil dlúthchomhordú ar fhreagairtí beartais chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú riachtanach ar mhaithe le feidhmíocht fhoriomlán an limistéir euro agus an Aontais. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfaí iarmhairtí a bheith ag bearta neamhchomhordaithe ar fud na mBallstát, agus sa limistéar euro go háirithe, agus go bhféadfaí cothroime iomaíochta a chur i mbaol leis sin, go mbeadh níos mó éagsúlachta ann dá bharr, agus go gcuirfí le tionchar ilchineálach na géarchéime fuinnimh.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá cur chun feidhme leanúnach an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha chun míchothromaíochtaí a chuireann bac ar dhea-fheidhmiú gheilleagair na mBallstát, an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta nó gheilleagar an Aontais Eorpaigh ina iomláine a bhrath, a chosc agus a cheartú go luath. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, lena dtionscnaítear an dóú babhta bliantúil déag den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

4. AONTAÍONN SÍ TRÍD IS TRÍD leis an measúnú ar an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh i ndáil le forás míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Aontas agus laistigh den limistéar euro, agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn. IS DÍOL SÁSAIMH DI, sular tháinig meath ar na dálaí eacnamaíocha, gur leanadh leis an laghdú ar an bhfiachas príobháideach agus poiblí ó ardleibhéil i roinnt mhaith Ballstát tar éis don phaindéim cur isteach ar an gcoigeartú agus cóimheasa fiachais a mhéadú agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtuartar go gcuideoidh fás ainmniúil OTI le cóimheasa fiachais a laghdú in 2022 agus 2023 araon. ADMHAÍONN SÍ go meastar go gcuirfear tuilleadh brú ar an bhfiachas príobháideach agus poiblí de bharr na timpeallachta eacnamaíche atá ag athrú go tapa agus dálaí maoiniúcháin níos doichte.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndeachaigh cuntais reatha fhormhór na mBallstát ar ais gar don áit a raibh siad roimh phaindéim COVID in 2021, rud a léiríodh sa mhéadú ar bharrachas chuntas reatha an limistéir euro freisin. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go raibh comhardú na gcuntas reatha, lena n-áirítear an barrachas i gcuntas reatha an limistéir euro, á spreagadh go príomha le praghsanna arda fuinnimh in 2022. IS DÍOL SÁSAIMH DI go meastar go ndéanfar na seasaimh seachtracha a choigeartú go siméadrach arís laistigh den limistéar euro. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil méadú mór ag teacht ar chostais aonaid saothair i roinnt Ballstát a bhfuil barrachas acu sa chuntas reatha.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cuireadh dlús le harduithe pá in 2022, rud nach raibh ag teacht leis an táirgiúlacht agus a chur brú ar iomaíochas costais. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil ioncam indiúscartha réadach an teaghlaigh ag titim mar gheall ar bhoilsciú ard. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh sé go bhfuil éifeachtaí an dara babhta ag teacht chun cinn i roinnt Ballstát. AITHNÍONN SÍ go bhfuil rátaí boilscithe ard agus go bhfuil éagsúlachtaí móra eatarthu sna Ballstáit, rud a d'fhéadfadh difear míchothrom a dhéanamh do na fíor-rátaí éifeachtacha malairte agus tionchar a imirt ar an iomaíochas, go háirithe sa limistéar euro.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an laghdú leanúnach atá ag teacht ar iasachtaí neamhthuillmheacha agus an téarnamh i ndáil le brabúsacht na mbanc, ach ADMHAÍONN SÍ go bhféadfadh fós drochthionchar a bheith ag na dálaí eacnamaíocha atá ag dul in olcas ar cháilíocht sócmhainní agus ar bhrabúsacht baincéireachta. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur ardaigh praghsanna tithe a thuilleadh i roinnt Ballstát in 2021 agus go luath in 2022, agus go meastar go ndéanfar iad a mhaolú leis an ardú sna rátaí úis agus leis an ioncam indiúscartha réadach teaghlaigh laghdaithe; ADMHAÍONN SÍ go bhfuil an maolú sin ar bun i gcuid mhaith de thíortha an Aontais ach ní i ngach ceann. AITHNÍONN SÍ go bhfuil tionchar ag na rátaí úis atá ag ardú ar chumas teaghlach na híocaíochtaí morgáiste a chomhlíonadh.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI an anailís ardcháilíochta atá sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, lena n-áirítear an bhéim a leagadh ar mheasúnú réamhbhreathnaitheach ar éabhlóid fhéideartha rioscaí i ndáil leis an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gnéithe an Aontais agus an limistéir euro níos infheicthe sa tuarascáil.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún grinn-athbhreithnithe a dhéanamh i gcás na ndeich Ballstát a raibh míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha ag baint leo in 2022, agus i gcás seacht mBallstát eile a bhfuil baol ar leith ann go dtiocfaidh míchothromaíochtaí nua chun cinn iontu. IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-ullmhúchán atá beartaithe ar ghrinn-mheasúnuithe téamacha ar fhorbairtí sa mhargadh tithíochta, ar dhinimic iomaíochais, agus ar inbhuanaitheacht agus ar chothromaíochtaí seachtracha, agus ba cheart an t-ullmhúchán sin a bheith mar bhonn eolais agus na grinn-athbhreithnithe tírshonracha á n-ullmhú.

10. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha i gcomhordú beartais eacnamaíoch an Aontais agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá trédhearcacht agus faireachas iltaobhach a áirithiú. IARRANN SÍ go ndéanfar dlúthfhaireachán ar na míchothromaíochtaí atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus go mbeadh freagairt thráthúil beartais ann, lena n-áirítear na hathchóirithe ábhartha a chur chun feidhme mar a mholtar sna moltaí tírshonracha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus mar a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcuirtear feabhas ar chumas na mBallstát freagairt do thurraingí trí mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú agus go dtacaíonn sin le cóineasú eacnamaíoch. CUIREANN SÍ I bhFIOS go láidir go mbraitear na hiarmhairtí dearfacha a ghabhann le laghdú na míchothromaíochtaí uile ar fud an limistéir euro agus an Aontais.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh comhsheasmhach leis an togra ón gCoimisiún maidir le todhchaí an fhaireachais ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a cuireadh chun cinn i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar rialachas eacnamaíoch an Aontais, go háirithe an ról coisctheach níos láidre a ghabhann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha i dtimpeallacht lena mbaineann rioscaí nua. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá machnamh críochnúil gasta a dhéanamh ar rialachas eacnamaíoch, lena n-áirítear an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus na naisc atá aige le sruthanna faireachais ábhartha eile de chuid an Aontais.